

Cuireadh na nótaí seo i dtoll a chéile chun tuilleadh faisnéise a thabhairt maidir leis an gcaoi leis na ceisteanna ar shuirbhé CensusAtSchool 2019 a fhreagairt. Tá dhá leagan den suirbhé ar fáil – leagan inphriontáilte PDF agus foirm ar líne. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chabhair dá n-iarrfá ar na scoláirí an leagan clóite a líonadh roimh an leagan ar líne ionas gur féidir leo tomhais riachtanacha a thairfeadh roimh ré.

Más mian leat na ceisteanna ar líne a sheiceáil sula n-iarrfaidh tú ar na scoláirí an tasc a chur i gcrích, bain úsáid as an bhfocal “TÁSTÁIL” sa bhosca “Ainm na Scoile” agus ansin beifear in ann an tsraith sin sonraí a aithint go héasca sna sonraí.

Nuair atá tú ag cur isteach uimhir rolla na scoile, tá roghchlár anuas ann ar a bhfuil na scoileanna ar fáil. Liostáiltear na hUimhreacha Rolla de réir contae. Mura féidir leat do scoil a aimsiú, abair leis na scoláirí an iontráil deiridh “Níl an Uimhir Rolla ar an liosta” a úsáid.

Úsáidfear d'ainm úsáideora chun na sonraí a chuir do scoláirí isteach a aisghabháil. Mar sin, tá sé tábhachtach go gcuireann gach duine an t-aon ainm úsáideora isteach san aon fhormáid, i.e. litreacha cás íochtair amháin gan aon spásanna.

Ba cheart na nithe seo a leanas a lua leis na scoláirí sula ndéanann siad an suirbhé:

- Ba chóir na tomhais choirp a dhéanamh roimh ré mar go gcabhróidh sé leis an seisiún iontrála sonraí a bhrostú. Ba chóir go dtógfadh an seisiún iontrála 25 nóiméad san iomlán. Féach ar Threoir CensusAtSchool maidir le Tomhais a Ghlacadh (<https://census.wzhik.net/ga/question/ceistneoir-cheim-19/>).
- Ba cheart do scoláirí comparáid a dhéanamh idir ceisteanna 1, 2, 4, 5 agus sonraí [CensusAtSchool na Nua-Shéalainne](#) ó cheisteanna 1, 2, 3, 8, 9, 10, 11 ach úsáid a bhaint as an [uirlis fiosraithe do na sonraí samplacha](#)
- Meabhraigh do na scoláirí go gcaithfidh siad gach ceist éigeantach a fhreagairt ionas go mbeidh siad in ann bogadh ar aghaidh go dtí an chéad rannóg eile.

Uimh. Cheiste	Cineál Sonraí (Freagraí)	Nótaí
1	Catagóireach Ainmniúil	
2 (a)	Uimhriúil Scoite	
2 (b)	Uimhriúil Scoite	Toisc go n-iarrtar sa cheist seo cén bhliain ina bhfuil an scoláire ar scoil, d'fhéadfaí é seo a mheas mar cheist Chatagóireach Orduimhriúil freisin.
3	Catagóireach Ainmniúil	
4	Catagóireach Ainmniúil	
5	Uimhriúil Leanúnach	
6	Freagra: 2 bhilliún	Tagann na ceisteanna seo ón leabhar ' <i>Factfulness</i> ' le Hans Rosling. Bhí na ceisteanna ar leathanach 3 agus ar leathanach 4.
7	Freagra: 60%	D'fhéadfadh múinteoirí na ceisteanna a úsáid chun míthuiscintí na scoláirí ar an domhan a scrúdú agus conas ba chóir do scoláirí fianaise/firic a úsáid agus iad ag féachaint ar an domhan. D'fhéadfaí plé a dhéanamh ar an smaointeoireacht taobh thiar de na míthuiscintí freisin. Spreag na scoláirí le roinnt taighde a dhéanamh (a thagann le haidhmeanna na Straitéise Digití do Scoileanna). Ansin iarr orthu na freagraí a úsáid chun léirithe grafacha a chruthú agus iad a chur i láthair an ranga – ina n-aonar nó i ngrúpaí (a thagann le haidhmeanna Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí nó na Sraithe Sinsearaí).
8	Freagra: A	
9	Freagra (de réir achair): 1. SAM 2. An Bhrasaíl	Déan comparáid idir freagraí an ranga agus an méid iarbhír geografach ach úsáid a bhaint as an uirlis Fíor-Mhapa . (Nasc thíos) Ba chóir do mhúinteoirí scrúdú a dhéanamh ar an tuiscint a bhí ag scoláirí ar

	<p>3. An Astráil 4. An Ghraonlainn 5. An India</p> <p>Freagra (de réir daonra):</p> <p>1. An India 2. SAM 3. An Bhrasaíl 4. An Astráil 5. An Ghraonlainn</p>	<p>MÉID mar shampla: ar smaoinigh siad ar ACHAR?</p> <p>Ón 16ú haois i leith, cuirtear an chuid is mó de léarscáileanna an domhain i láthair i 2T le Teilgean Mercator. Mar sin féin, cuireann léiriú den saghas sin méid rudaí as riocht de réir mar a mhéadaíonn an domhanleithead ón Meánchiorcal go dtí na poil.</p> <p>Ligeann an uirlis Fíor-Mhapa duit tíortha difriúla a tharraingt anuas agus a scaoileadh ar léarscáil an domhain agus an chaoi a laghdaíonn siad nó a bhfásann siad ar mhapa caighdeánach Teilgean Mercator a fheiceáil. Uirlis shimplí is féidir a úsáid chun a léiriú go mbíonn léarscáileanna as riocht go mór.</p> <p>https://tinyurl.com/thetruesizewebsite</p> <p>Tabhair faoi deara: Tá difríocht shuntasach idir achar agus daonra na dtíortha seo, d'fhéadfaí tionscadal ar dhlús daonra a bhunú air seo (agus naisc thraschuraclaim le rang Tíreolaíochta a chruthú b'fhéidir).</p>
<p>10 (a)</p>	<p>Scála</p>	<p>Níl mé buartha – Tá mé an-bhuartha = Catagóireach Orduimhriúil</p> <p>0 – 500 = Uimhriúil Scoite</p>
<p>10 (b)</p>	<p>Catagóireach Orduimhriúil</p>	<p>Tá an ghníomhaíocht ar son na haeráide agus an éigeandáil aeráide go mór i mbéal an phobail i measc scoláirí ar fud an domhain anois. Is fiú iarrachtaí Greta Thunberg a lua agus gur thug scoláirí faoi stailceanna scoile mar gheall ar an athrú aeráide. Leis na ceisteanna sin, is féidir scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann na tuiscintí atá againn ar an domhan i bhfeidhm ar an iompar atá fúinn. Is féidir leis na</p>
<p>11</p>	<p>Catagóireach Ainmniúil</p>	
<p>12</p>	<p>Catagóireach Ainmniúil</p>	

		scoláirí tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ach úsáid a bhaint as na sonraí ranga.
13	Uimhriúil Scoite	Is imeacht tábhachtach atá ag teacht iad Cluichí Oilimpeacha 2020 a bheidh ar siúl i dTóiceo.
14	Catagóireach Ainmniúil	Tarraingíonn na ceisteanna seo aird ar an imeacht agus tugtar dóchúlacht isteach leo freisin.
15	Catagóireach Ainmniúil	D'fhéadfaí é seo a leathnú agus tasc maidir le tuar a dhéanamh bunaithe ar shonraí ón am a chuaigh thart, a spreagfadh scoláirí chun roinnt taighde a dhéanamh agus na dóchúlachtaí a ríomh ag baint úsáide as fíor-shonraí.
16	Catagóireach Ainmniúil	Ba chóir scoláirí a spreagadh chun taighde a dhéanamh ar an gceist seo sula bhfreagraíonn siad an ceistneoir. D'fhéadfadh scoláirí comparáid a dhéanamh idir freagairtí an ranga agus DataTool na Príomh-Oifige Staidrimh le haghaidh na mótar is mó tóir in Éirinn. Tá an uirlis ar fáil anseo: https://www.cso.ie/en/interactivezone/visualisationtools/irelandstopmotors/
17	Catagóireach Ainmniúil	Ceist spráúil a fhéachann ar thionchar na bhfón ar mhothúcháin, go háirithe i saol na ndigiteoirí dúchais. Tá an cheist seo ar cheistneoir na Nua-Shéalainne do 2019 (C25) freisin. D'fhéadfadh na scoláirí comparáid a dhéanamh idir sonraí ach úsáid a bhaint as DataTool na Nua-Shéalainne .

Sonraí Aonathráideacha agus Sonraí Dé-athráideacha

Sonraí aonathráideacha:

Is féidir na cineálacha anailíse grafaí seo a leanas a úsáid le haghaidh sonraí aonathráideacha:

Cineál Sonraí	Línebhreacadh Poncbhreacadh	Barrachairt	Tábla Minicíochta	Tábla Minicíochta Grúpáilte	Histeagram	Píchairt	Léaráid Ghais is Duillí
Catagóireach	X	X	X			X	
Uimhriúil Scoite	X	X	X	X		X	X
Uimhriúil Leanúnach				X	X		X

Sonraí dé-athráideacha:

Is féidir le scoláirí scaipghraim a tharraingt chun imscrúdú a dhéanamh ar ghaol idir dhá athróg, mar shampla, airde agus síneadh ingearach, etc.